Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Polasaithe agus Nósanna Imeachta/Policies and Procedures

Cód	QA075
Teideal	Polasaí maidir le Saoire Cúraim Leighis (gan phá)
Úinéir an Pholasaí	An Stiúrthóir Acmhainní Daonna
Dáta	Samhain 2026
Faofa ag	Foireann Bainistíochta na hOllscoile

Mearthreoir Thagartha

Scéim Saoire	Fad Íosta	Fad Uasta	Cé atá incháilithe?	Riachtanas Seirbhíse	Le pá/Gan phá	Spriocdháta Iarratais
Saoire maidir le Cúram Leighis (Gan phá)	1 lá	5 lá	An Fhoireann ar fad	Níl fad seirbhíse íosta i gceist	Gan phá	Chomh luath agus is féidir go praiticiúil. Foirm curtha ar fáil

1.0 Cuspóir

Is é an cuspóir atá le Saoire Cúraim Leighis saoire ghearrthéarmach gan phá a chur ar fáil d'Fhostaithe le go mbeidh siad in ann cúram nó tacaíocht phearsanta shuntasach a chur ar fáil do dhaoine sainiúla faoi leith ar údar tromchúiseach leighis ag teacht leis an Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil Saoire Cúraim Leighis (gan phá) mar a chuirtear síos uirthi thuas éagsúil ó Shaoire Force Majeure agus sa bhreis uirthi.
Cineál saoire teoranta (le pá) atá i gceist le Force Majeure d'éigeandálaí teaghlaigh gan choinne nuair atá sé den riachtanas go mbeadh an Fostaí i láthair.

2.0 Cur síos

Lá iomlán amháin nó níos mó a bheidh i gceist le Saoire Cúraim Leighis (gan phá), ar laethanta iad a mbeadh an fostaí sceidealta oibriú orthu murach sin.
Tá feidhm ag an teidlíocht seo sa chás go dteastaíonn láithreacht an Fhostaí ag an áit a bhfuil an duine faoi mhíchumas, breoite nó gortaithe.
Tá Saoire Cúraim Leighis (gan phá) teoranta do 5 lá, ar a mhéid, in aon tréimhse 12 mhí as a chéile.
Ní thógfar saoire ar feadh tréimhse níos lú ná lá amháin.
Caithfear le haon chuid de lá mar lá iomlán chun críocha teidlíocht an Fhostaí a ríomh.

3.0 Incháilitheacht

Tá gach fostaí a bhfuil conradh fostaíochta le hOllscoil na Gaillimhe acu i dteideal iarratas a dhéanamh ar an tsaoire reachtúil seo.
Níl fad seirbhíse íosta i gceist leis an tsaoire seo.

Tá fostaí i dteideal Saoire Cúraim Leighis (gan phá) sa chás go dteastaíonn cúram nó tacaíocht shuntasach ó dhuine acu seo a leanas ar chúis leighis thromchúiseach:

(i) Duine arb é/í an fostaí a t(h)uismitheoir. (Uchtaíoch nó Caomhnóir)
(ii) Céile nó páirtí sibhialta an Fhostaí.
(iii) Comháitritheoir an Fhostaí.
(iv) Tuismitheoir nó seantuismitheoir an Fhostaí.
(v) Deartháir nó deirfiúr (siblín) an Fhostaí.
(vi) Duine atá ina chónaí san áitreabh céanna leis an bhFostaí, seachas iad siúd arna sonrú in aon cheann de na fo-ailt (i) go (v).

Meastar go bhfuil cúis thromchúiseach leighis ann sa chás go dteastaíonn cúram nó tacaíocht shuntasach ó dhuine agus, de bharr míchumas, gortú nó tinneas an duine sin, áirítear lena leithéid de chúram nó tacaíocht go mbeadh an fostaí i láthair san áit a bhfuil an duine lonnaithe.

4.0 Cearta Fostaíochta i rith Saoire Cúraim Leighis (gan phá)

Cosnaítear gach ceart fostaíochta, ach amháin luach saothair, le linn d'fhostaí a bheith ar Shaoire Cúraim Leighis (gan phá).

Is ionann Saoire Cúraim Leighis agus tréimhse saoire ón obair gan phá, agus is seirbhís neamh-inphinsean atá i gceist; ní áireofar í, mar sin féin, mar bhriseadh seirbhíse.

Ní ceadmhach Fostaí a dhífhostú agus/nó pionós a chur air/uirthi as ucht iarratas a dhéanamh Saoire Cúraim Leighis (gan phá) a thógáil.

5.0 Íocaíocht i rith Saoire Cúraim Leighis (gan phá)

Ní íocann an Ollscoil an fostaí le linn dó/di a bheith ar Shaoire Cúraim Leighis (gan phá).

6.0 An Nós Imeachta maidir le Saoire Cúraim Leighis (gan phá) a thógáil

D'fhéadfadh sé gan bheith indéanta iarratas a dhéanamh roimh ré ar Shaoire Cúraim Leighis (gan phá) i ngeall ar na cúinsí a bhaineann leis an gcineál sin saoire. Iarrtar ar Fhostaithe, mar sin féin, fógra a thabhairt roimh ré, sa chás gur féidir, go bhfuil rún acu Saoire Cúraim Leighis a thógáil.

Nuair a thógann Fostaí an tsaoire seo, nó nuair atá sé ar intinn acu í a thógáil, éilítear ar an bhFostaí a B(h)ainisteoir Líne agus an Oifig Acmhainní Daonna (leaveschemes@universityofgalway.ie) a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir go réasúnach.

Ní mór d'Fhostaí doiciméad a líonadh agus a shíniú ina ndeimhnítear don Fhostóir na cúinsí a bhaineann leis an tSaoire Cúraim Leighis (gan phá) agus ina sonraítear :

- An dáta a chuirfear tús leis an tSaoire Cúraim Leighis
- Fad na saoire
- Ráites fíricí ina dtabharfar an t-údar atá ag an bhFostaí an t-iarratas ar shaoire seo a dhéanamh, agus an gaol atá aige/aici leis an duine atá i gceist. (Ná bíodh aon sonraí maidir leis an riocht leighis san áireamh)

Ní mór an doiciméad seo a sheoladh chuig Bainisteoir Líne an Fhostaí agus an Oifig Acmhainní Daonna (leaveschemes@universityofgalway.ie).

Ach an doiciméad daingniúcháin a bheith faighte, coinneoidh an Oifig Acmhainní Daonna ar taifead é agus seolfar admháil go bhfuil an doiciméad daingniúcháin sin faighte.

D'fhéadfaí éileamh ar an bhFostaí, de réir reachtaíochta, fianaise ábhartha* a chur ar fáil (a d'fhéadfaí í a iarraidh go réasúnach) chun a thaispeáint go bhfuil cúram nó tacaíocht shuntasach ag teastáil ón duine atá i gceist ar údar tromchúiseach leighis de réir mar a fhoráiltear san Acht um Chothromaíocht Oibre agus Saoil agus Forálacha Ilghnéitheacha 2023. Éilítear ar an mBainisteoir Líne dul i gcomhairle le Comhpháirtí Gnó AD nó leis an Oifig Acmhainní Daonna sula lorgaíonn sé/sí fianaise ábhartha.

*D'fhéadfadh iad seo a leanas a bheith i gceist le fianaise ábhartha:

- Teastas dochtúra: Ní gá nádúr an riocht leighis a bheith sonraithe ar an teastas dochtúra. Níl ag teastáil ach ráiteas fíricí go dteastaíonn, nó gur theastaigh, cúram nó tacaíocht shuntasach ón duine ar údar tromchúiseach leighis.
- Fianaise eile a d'fhéadfadh an Fostóir a iarraidh go réasúnach.

7.0 Freagrachtaí

Ainm	Freagracht
An Stiúrthóir Acmhainní Daonna	Úinéir an Pholasaí
An Fhoireann ar fad	An Bainisteoir Líne agus an Oifig Acmhainní Daonna a chur ar an eolas maidir leis an iarratas a luaithe agus is féidir, agus fógra a thabhairt roimh ré más féidir, agus an doiciméad ina ndeimhnítear na cúinsí a bhaineann leis an tSaoire Cúraim Leighis (gan phá) a sheoladh chuig a mBainisteoir Líne agus an Oifig Acmhainní Daonna.
Bainisteoir Líne	An polasaí saoire seo a léamh, agus cloí leis. Iarratais saoire a athbhreithniú agus a fhaomhadh, agus a chinntiú go seoltar an t-iarratas saoire chuig an Oifig Acmhainní Daonna go pras. Dul i gcomhairle leis an Oifig Acmhainní Daonna mar is cuí.

Tabhair cuairt ar an Stór Polasaithe & Nósanna Imeachta ar láithreán gréasáin na hOifige Feabhais chun polasaithe, nósanna imeachta, rialacháin agus treoirlínte eile a fheiceáil.

An Oifig Acmhainní Daonna	Admháil a chur ar fáil i scríbhinn go bhfuarthas an doiciméad daingniúcháin. Taifid saoire a thaifeadadh agus a mhonatóiriú. Treoir a thabhairt do Bhainisteoirí Líne agus Fostaithe mar is gá. Athbhreithniú a dhéanamh ar an bPolasaí gach 3 bliana nó níos luaithe ná sin nuair is cuí i bhfianaise athruithe reachtacha, eagrúcháin nó oibriúcháin, aiseolas nó bunaithe ar a bhfuil foghlamtha ó fheidhmiú an Pholasaí.

8.0 Doiciméid Ghaolmhara

Polasaithe & Foirmeacha AD
An Polasaí Luacha Saothair & Párolla QA321
An Polasaí Saoire Breoiteachta QA105
An Polasaí maidir le Saoire Force Majeure QA131
An Polasaí maidir le Saoire Cúramóra QA111